C/2025/2613

6.5.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2613)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Fourme de Montbrison'

Uimh. AE: PDO-FR-0542-AM01 — 20.2.2025

1. **Ainm an táirge**

'Fourme de Montbrison'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

An Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Níl aon cheann de na trí staid ar leasú ar leibhéal an Aontais iad i gceist leis an iarratas ar leasú ar ATFC 'Fourme de Montbrison', is é sin:

(a) níl athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint i gceist leis;

(b) ní dócha go gcuirfidh sé an nasc leis an timpeallacht gheografach ar neamhní;

(c) níl tuilleadh srianta i gceist leis maidir le margú an táirge.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach atá an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Roinn freagrach sa Bhallstát*

Tugadh ainm agus sonraí teagmhála roinn fhreagrach an Bhallstáit cothrom le dáta.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

2. *Grúpa iarrthach*

Tugadh sonraí teagmhála an ghrúpa iarrthaigh cothrom le dáta.

Cuireadh an fhoclaíocht seo a leanas in ionad chomhdhéanamh an ghrúpa iarrthaigh:

'Comhdhéanamh: aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil baint éifeachtach aige le táirgeadh, próiseáil nó ullmhú a leagtar amach i sonraíocht ATFC "Fourme de Montbrison".'

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Cineál an táirge*

Rinneadh an roinn a bhaineann leis an gcineál táirge, a bhí sainithe de réir a aicme roimhe seo, a scriosadh ón tsonraíocht.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Tuairisc ar an táirge*

Laghdaíodh cion íosta saille an ábhair thirim le haghaidh 'Fourme de Montbrison' ó 52 ghram in aghaidh an 100 gram de cháis tar éis triomú iomlán go 50 gram in aghaidh an 100 gram de cháis tar éis triomú iomlán.

Tá sé tugtha faoi deara ag na cáiseoirí uile go bhfuil laghdú tagtha ar an luach sin roinnt uaireanta i rith na bliana le roinnt blianta anuas anois, go háirithe le linn na dtréimhsí sin ina gcuirtear na ba amach ar féarach (san earrach agus uaireanta san fhómhar, tar éis triomach samhraidh).

D'fhág staidéir agus turgnaimh go rabhthas in ann roinnt cúiseanna a aithint.

Tá an chéad chúis nasctha le hathruithe ar na tréada. Sna 1990idí ba é an pór Prim'Holstein a bhí i bhformhór na dtréad, ach anois tá an pór Montbéliarde chun tosaigh. Tá cóimheas saille in aghaidh próitéine thart ar 1,20 ag tréada Montbéliarde (i gcomparáid le 1,28 i gcás thréada Prim'Holstein). Tá gá le cóimheas saille in aghaidh próitéine os cionn 1,20 le go mbeidh cion saille níos mó ná 52 % d'ábhar tirim ag an gcáis. Níltear i bhfabhar méadú ar an gcóimheas sin i dtreoirlínte na scéimeanna náisiúnta um roghnú géiniteach don phór Montbéliarde.

Tá an dara cúis nasctha le hathruithe ar chórais foráiste. Tá níos mó agus níos mó feirmeacha ag cleachtadh innilt thimthriallach ná riamh. Itheann na ba féar óg bog, san earrach den chuid is mó, nuair a bhíonn na stoic féir thirim ídithe, rud a laghdaíonn an cóimheas saille in aghaidh próitéine. Cuireann an téamh domhanda leis an bhfeiniméan sin, agus ba a bheith á gcur amach ar féarach níos luaithe agus gan dálaí atá fabhrach d'fhéar a bhuaint a bheith ann chomh minic céanna (is fearr stoic a chur in áiteanna ina bhfuil féar fliuch-leasaithe). Cuireann tomhaltas sadhlais arbhair Indiaigh feabhas beag ar chion saille ábhar tirim na cáise, ach tá sé teoranta leis an tsonraíocht táirge agus ní féidir é a chomhcheangal le tomhaltas sadhlais déise arbhair Indiaigh a úsáidtear go minic mar dhlúthbhia. Fágann sé sin go bhfuil sé deacair tionchar a imirt ar chion saille ábhar tirim na cáise trí aiste bia na mbó.

Thairis sin, léiríonn na torthaí ó na coistí um scrúdú orgánaileipteach nach raibh aon tionchar ag an laghdú ar chion saille ábhar tirim na cáise ó 52 % go 50 % ar a cáilíocht orgánaileipteach.

Ar na cúiseanna sin, tá sé beartaithe cion saille ábhar tirim na cáise a ísliú ó 52 % go 50 %, rud a chomhfhreagraíonn don ráta a socraíodh ar dtús le haghaidh 'Fourme de Montbrison' sna 1970idí.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Críochú an limistéir gheografaigh*

Sa chéad abairt, cuireadh 'cuid lárnach de limistéar geografach an ainmniúcháin', atá níos beaichte, in ionad na bhfocal 'limistéar lárnach an ainmniúcháin'.

Rinneadh 'Cumhdaíonn imlíne an limistéir gheografaigh arna fhormheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) ag cruinniú an choiste náisiúnta inniúil an 13 Deireadh Fómhair 2000, críoch na mbardas seo a leanas ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024 (COG)' a chur in ionad na habairte 'Dá bhrí sin, cumhdaíonn an limistéar 33 bhardas i ranna Loire agus Puy-de-Dôme'. Tugadh liosta na mbardas a áirítear laistigh den imlíne sin cothrom le dáta dá réir sin, gan comhrianta na himlíne a athrú.

Cuireadh isteach an abairt ‘Is féidir teacht ar léarscáileanna den limistéar geografach sin ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta’, glacann an abairt sin ionad na habairte seo a leanas ar abairt í a scriosadh: ‘Léirítear teorainneacha riaracháin an chríochaithe sin ar an léarscáil atá i gceangal (Iarscríbhinn 1).’ Dá bhrí sin, scriosadh an léarscáil sin.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Mionsonraí sonracha maidir le lipéadú*

Cuireadh isteach go bhfuil na sonraí lipéadaithe sainordaitheacha sa tsonraíocht táirge ‘de bhreis ar na sonraí sainordaitheacha a leagtar síos sna rialacha maidir le lipéadú agus cur i láthair earraí bia’.

Tugtar faoi deara nach mór léiriú ainm an ainmniúcháin agus shiombail ATFC an Aontais Eorpaigh a bheith ‘sa réimse radhairc céanna’.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. *Tagairtí do na comhlachtaí cigireachta*

Tugadh an fhaisnéis faoin gcomhlacht cigireachta agus ainm agus sonraí teagmhála roinn fhreagrach an Bhallstáit cothrom le dáta.

Go sonrach, scriosadh an abairt ‘Is comhlacht riaracháin phoiblí í an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach, a thuairiscíonn don Aireacht Talmhaíochta, agus atá ainmnithe mar an t-údarás inniúil de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh 882/2004 an 29 Aibreán 2004.’ agus cuireadh isteach an abairt ‘I gcomhréir le forálacha Airteagail 39 agus 40 de Rialachán (AE) 2024/1143, is comhlacht deimhniúcháin táirgí a dhéanann comhlíonadh na sonraíochta a fhíorú, sula gcuirtear an táirge ar an margadh, agus tá a ainm agus sonraí teagmhála an chomhlachta sin ar fáil ar shuíomh gréasáin INAO agus i mbunachar sonraí an Choimisiúin Eorpaigh.’.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

8. *Ceanglais náisiúnta*

Tugadh tábla na bpríomhphointí atá le seiceáil cothrom le dáta chun an leasú ar an roinn dar teideal ‘Tuairisc ar an táirge’ a chur san áireamh agus chun na modhanna measúnaithe a oiriúnú de réir mar is gá i gcomhréir leis an bplean rialaithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Fourme de Montbrison’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☒ TGFC ☐

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus an cód de chuid na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

— 04 — TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ INITE DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH BHFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

0406 — Cáis agus gruth

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is cáis é 'Fourme de Montbrison' a tháirgtear ó bhainne bó binide. Déantar í i bhfoirm sorcóra idir 17 cm agus 21 cm ar airde agus idir 11,5 cm agus 14,5 cm ar trastomhas, a mbíonn meáchan idir 2,1 kg go 2,7 kg inti. Bíonn féitheacha gorma inti, ní dhéantar í a bhrú, ní dhéantar í a chócaráil, déantar í a choipeadh agus sailltear í trí shalann a chur leis an ngruth nuair a chuirtear sa mhúnla é.

Ní mór an cion saille a bheith 50 gram in aghaidh an 100 gram de cháis ar a laghad tar éis triomú iomlán.

Ní ceadmhach an cion ábhair thirim a bheith níos lú ná 52 g in aghaidh an 100 g de cháis aibithe.

Ní ceadmhach an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Fourme de Montbrison' a úsáid le haghaidh na cáise go dtí 32 lá tar éis chur isteach na binide.

Bíonn blás ar an gcraiceann tirim, oráiste, áit a bhféadfadh múscán bán, buí agus dearg a bheith ann freisin. Bíonn dath an uachtair ar an taobh istigh den cháis, nach bhfuil mórán oscailtí ann agus ina mbíonn marmarú féitheacha éadroma gorma.

Bíonn uigeacht aonchineálach, beagáinín teann ag 'Fourme de Montbrison' agus leánn sé sa bhéal. Bíonn blas fíneálta, cumhra air chomh maith le blas torthaíoch, bainniúil a mbíonn ruainnín cáise goirme le brath air, rud a fhágann go bhfuil sé sách séimh. Glactar le ruainnín salainn agus le beagáinín searbhais.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Is léir ó na forálacha a leagtar síos go dtáirgtear 70 % ar a laghad d'ábhar tirim chion beatha iomlán bhliantúil na mbó déiríochta sa limistéar geografach.

Mar gheall ar thopagrafaíocht agus aeráid ardtailte an limistéir gheografaigh, tá sé dodhéanta go teicniúil an bheatha chomhlántach uile a thugtar do na ba déiríochta a tháirgeadh.

Ós rud é go dtagann an chuid is mó de chion bunúsach na mbó déiríochta ón limistéar geografach agus go bhfuil na beathaí comhlántacha teoranta go docht, tá tionchar teoranta ag na tosca seachtracha sin ar na saintréithe atá ann go bunúsach mar thoradh ar an timpeallacht gheografach.

I gcaitheamh na bliana, farae ón limistéar geografach sainithe a bhíonn i gcion bunúsach na mbó déiríochta.

Tá úsáid forlíontaí agus breiseán teoranta d'uasmhéid 1 800 kg d'ábhar tirim in aghaidh na bó déiríochta in aghaidh na bliana ar an meán i gcás na mbó déiríochta go léir.

Is é atá sa bheatha a údaraítear sa chion bunúsach an farae go léir seachas plandaí croisiféaracha i bhfoirm farae.

Ní mór cion an fhéir thirim, an fhéir, an fhéir shleabhctha nó an tsadhlais féir, arna shloinneadh mar ábhar tirim, a bheith níos mó ná 80 %, den fharae i gcion bunúsach na mbó déiríochta ar an meán, nó cothrom leis an méid sin, i gcás na mbó déiríochta uile i gcaitheamh na bliana.

Ní ceadmhach cion an tsadhlais arbhair Indiaigh, arna shloinneadh mar ábhar tirim, a bheith níos mó ná 20 % de chion bunúsach na mbó déiríochta ar an meán i gcás na mbó déiríochta uile i gcaitheamh na bliana.

Lasmuigh den tréimhse innilte, is ionann féar tirim agus 3 kg ar a laghad d'ábhar tirim in aghaidh na bó déiríochta in aghaidh an lae ar an meán i gcás na mbó déiríochta uile.

Nuair a bhíonn féar ar fáil, tá innilt sainordaitheach i gcás na mbó déiríochta a luaithe is féidir, de réir na haimsire. Is é 150 lá in aghaidh na bliana an fad innilte íosta.

Ní údaraítear ach na hamhábhair agus na breiseáin a shonraítear ar liosta dearfach sna forlíontaí agus sna breiseáin a thugtar do na ba déiríochta.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Táirgtear an bainne agus déantar, aibítear agus caomhnaítear an cháis ar feadh 32 lá ón dáta a chuirtear an bhinid isteach, laistigh den limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Údaraítear 'Fourme de Montbrison' a ghearradh mura rud é go n-athraíonn sé sin a uigeacht go hiomlán. Ní mór craiceann a bheith ar phíosaí a bhfuil meáchan níos mó ná 50 gram iontu.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

De bhreis ar an bhfaisnéis éigeantach a cheanglaítear leis na rialacha maidir le lipéadú agus cur i láthair earraí bia, ní mór an méid seo a leanas a bheith san áireamh sa réimse radhairc céanna ar lipéadú cáiseanna ar a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Fourme de Montbrison':

— ainm an ainmniúcháin tionscnaimh i gcarachtair atá dhá thrian de mhéid na gcarachtar is mó ar an lipéad ar a laghad;

— lógó ATFC an Aontais Eorpaigh.

Gan beann ar na tásca rialála is infheidhme maidir le gach cáis, tá toirmeasc ar aon cháilitheoir a chur díreach in aice leis an ainmniúchán tionscnaimh, cé is moite de thrádmharcanna sonracha nó d'ainmneacha branda sonracha.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsítear an méid seo a leanas sa limistéar geografach le haghaidh 'Fourme de Montbrison':

Roinn an Loire: bardais Bard, Cervières, Chalmazel-Jeansagnière, La Chamba, La Chambonie, Champoly, Châtelneuf, La Côte-en-Couzan, Écotay-l'Olme, Essertines-en-Châtelneuf, Lérigneux, Noirétable, Palogneux, Roche, Saint-Bonnet-le-Courreau, Saint-Didier-sur-Rochefort, Saint-Georges-en-Couzan, Saint-Jean-la-Vêtre, Saint-Just-en-Bas, Saint-Laurent-Rochefort, Saint-Priest-la-Vêtre, Saint-Romain-d'Urfé, Les Salles, Sauvain, La Valla-sur-Rochefort, Verrières-en-Forez, agus Vêtre-sur-Anzon (críoch bhardas tarmligthe Saint-Julien-la-Vêtre amháin).

Roinn Puy-de-Dôme: bardais Brugeron, Job, Saint-Anthème, Saint-Pierre-la-Bourlhonne agus Valcivières.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Cuimsíonn an limistéar geografach le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh 'Fourme de Montbrison' go príomha na 'hautes chaumes' arb iad mullaigh shléibhte Forez laistigh de theorainneacha ranna Loire agus Puy-de-Dôme, chomh maith leis an gcuid thoir de shléibhte Forez. Is réigiún ardtailte é an limistéar (ag a bhfuil airde 1 634 m ag an bpointe is airde) ag a bhfuil suíomh thuaidh-theas ar an iomlán, agus é suite ar bhuncharraig eibhir agus teorannaithe le teorainneacha nádúrtha. Tá an tírdhreach comhdhéanta de mhóinteáin shléibhe agus fho-Alpacha a thugann struchtúr d'ardchláir loma lena ngabhann barra cnoic cruinne agus míne, agus é timpeallaithe ag fánaí foraoise buaircíní den chuid is mó. Tá cuid mhór portach móna agus móinéar ann. Bíonn an fhrasaíocht measartha ard (níos mó ná 1 000 mm in aghaidh na bliana ar an meán). Tagann an aeráid faoi réir tionchar aigéanach agus ilchríochach. Dá bhrí sin, bíonn meánteochtaí bliantúla fuar, agus iad faoi bhun 10 °C agus is minic a bhíonn siad faoi bhun 5 °C. Bíonn na geimhrí fada agus fuar agus is minic a bhíonn sneachta ann.

Mar gheall ar an airde ard agus ar an mbáisteach, tá táirgeadh farae bunaithe go bunúsach ar na móinéir bhuana.

Téann táirgeadh 'Fourme de Montbrison' siar go dtí na Meánaoiseanna luatha i réigiún Haut-Forez, áit ar coinníodh córas agra-thréadach ar bun go dtí an Dara Cogadh Domhanda. Tháirgtí an cháis i 'jasseries', is é sin, foirgnimh féaraigh sléibhe a bunaíodh ar an dá thaobh de shléibhte Forez. An tráth sin, tháirgtí an cháis le linn shéasúr an tsamhraidh ó bhainne tréad de mhéid mheasartha; dhéanadh na mná an cháis agus, ag an am céanna, d'fhanadh na fir sa sráidbhaile agus leanaidís den obair samhraidh sna páirceanna. Bhíodh stoic crainn bhuaircíní ar fáil sa timpeallacht nádúrtha a ndéantaí gáitéir díobh tar éis iad a tholladh amach (ar a dtugtar 'chéneaux') ar gáitéir iad a bhíodh an-oiriúnach chun an cháis a dhraenáil le linn an táirgthe. Chaomhnaítí an cháis go minic go dtí an tráth a thagtaí anuas ó na sléibhte tar éis buailteachas an tsamhraidh, agus ansin dhíoltaí an cháis ag na margaí ar gach taobh de na sléibhte, lena n-áirítear margadh mór Montbrison.

Sa lá atá inniu ann, braitheann na feirmeacha déiríochta ar na móinéir bhuana den chuid is mó. Mar gheall ar na coinníollacha táirgthe le haghaidh 'Fourme de Montbrison', go háirithe an innilt shainordaitheach le linn na tréimhse inar féidir sin a dhéanamh, an cion beatha féarbhunaithe agus úsáid shrianta sadhlais arbhair Indiaigh, baintear an úsáid is fearr is féidir as an acmhainn nádúrtha sin.

Agus é bunaithe ar na teicnící ársa, baineann an próiseas teicneolaíochta chun 'Fourme de Montbrison' a tháirgeadh an úsáid is fearr is féidir as saineolas áitiúil, rud a chuireann an méid seo a leanas san áireamh:

— meascadh iomchuí atá nasctha le gránmhéid bheag ghrutha atá thart ar 0,5 cm go 1 cm ar tiús;

— sailleadh sa mhais agus sailleadh seachtrach laghdaithe;

— an teicníc an-speisialta a bhaineann le draenáil bhreise i ngáitéir atá déanta as adhmad buaircíneach.

Is cáis fhéitheach é 'Fourme de Montbrison' a mbíonn blas fíneálta cumhra uirthi; bíonn cruth sorcóra uirthi ó 17 cm go 21 cm ar airde agus ó 11,5 cm go 14,5 cm ar trastomhas, a mbíonn clúdach seachtrach oráiste uirthi. Bíonn oscailtí beaga sa cháis agus bíonn ruainnín 'cáis ghorm' le brath uirthi, rud a fhágann go bhfuil sí sách séimh.

Eascraíonn saintréithe sonracha 'Fourme de Montbrison' go háirithe as na modhanna speisialta a úsáidtear chun an bainne agus an cháis a tháirgeadh.

Tá táirgeadh an bhainne bunaithe ar shaibhreas na bhféarach i sléibhte Forez agus cuireann sin le blas fíneálta cumhra 'Fourme de Montbrison'.

Tá a mhéid measartha beag nasctha lena thionscnamh: tréada beaga lena ngabhann táirgeadh bainne ar scála beag agus déanamh cáise ag mná.

Tá blas measartha séimh 'Fourme de Montbrison' nasctha le gearradh mín na ngrán grutha. Tá an gránmhéid ghrutha laghdaithe sin ina chúis le hoscailtí beaga a bheith sa cháis, rud a fhágann go bhforbraítear múscáin Penicillium roqueforti ar bhealach srianta nach bhfuil chomh suntasach céanna agus a fhorbraítear i gcáiseanna féitheacha eile.

Bíonn tionchar ag na teicnící saillte ar dhath oráiste an-sonrach an chraicinn, rud a chothaíonn bunú flóra dromchla. Cothaítear forbairt flóra dromchla freisin trí dhraenáil i ngáitéir adhmaid bhuaircínigh. Is taiscumar flóra dromchla iad na gáitéir adhmaid agus rannchuidíonn siad go díreach le forbairt an fhlóra sin trí chosc a chur ar thriomú amach róthapa an chraicinn.

Fágann na teicnící saillte a úsáidtear freisin nach mbíonn 'Fourme de Montbrison' chomh goirt céanna le cáiseanna gorma eile.

Tagairt d'fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-ed0a24fa-0dbd-44b8-8154-591b0b5d271b/telechargement